Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Eanáir 2026**
**(OR. en)**

**5516/26**

**CDR 7**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hOstaire, de Choiste na Réigiún – Glacadh |

1. I litir dar dáta an 14 Deireadh Fómhair 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Peter FLORIANSCHÜTZ, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 13979/25.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Peter FLORIANSCHÜTZ, mhol Rialtas na hOstaire[2] Denis ŠAKIĆ, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás áitiúil, '*Abgeordneter des Gemeinderats der Stadt Wien'* (Comhalta de Chomhairle Cathrach Chathair Vín), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 5543/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 17139/25.